

## Scrúdaigh an tionchar atá ag Beartas an Aontais Eorpaigh ar ghníomhaíocht gheilleagrach in Éirinn. (2016 C9.c)

### Beartas 1 - An Comhbheartas Talmhaíochta (CBT)

Tugadh an Comhbheartas Talmhaíochta (CBT) isteach chun táirgeadh bia a chinntiú do gach duine atá ina gcónaí laistigh den AE (510 milliún). Bunaíodh CBT in 1962..

Chuaigh Éire isteach i gComhphobal Eacnamaíochta na hEorpa den chéad uair in 1973, rud a d'fhág go raibh ardú ar ioncam feirme agus gur tháinig méadú ar an táirgeadh freisin. Sa tréimhse go dtí 2020, déanfaidh CBT €10.7 billiún a infheistiú in Éirinn.

Gheobhaidh Clár um Fhorbairt Tuaithe na hÉireann 2014-2020 beagnach €2.2 billiún ó Chiste Talmhaíochta na hEorpa d'fhorbairt réigiúnach.

Cuidíonn Rialtas na hÉireann le hinfeistiú €1.7 billiún freisin. Tugtar tacaíocht d'fheirmeoirí na hÉireann atá lonnaithe i réigiúin imeallacha tríd an gCiste um Cheantair a mBaineann Baic Nádúrtha nó Sainbhaic Leo, le maoiniú 195 milliún Euro sa bhliain.

Cuideoidh an scéim Agra-Chomhshaoil GLAS le 50,000 feirmeoir in Éirinn. Tá íocaíochtaí suas le €5,000 in aghaidh na bliana á n-íoc le feirmeoirí nach ndéanann dochar don timpeallacht.

Cuidíonn Scéimeanna Nuachóirithe Talmhaíochta Spriocdhírthe le feirmeoirí foirgnimh agus próisis a nuachóiriú. Mar shampla, tacaítear le feirmeoirí déiríochta bleánlanna uathoibrithe a fháil. Tá sé seo dírithe ar fheirmeoirí óga go háirithe chun na glúnta níos óige a choinneáil sa tionscal.

Cuireadh srian ar tháirgeadh chun stop a chur le carn ime agus le 'loch fíona'. Baineadh an srian a bhí ar an tréad náisiúnta, ag súil go méadódh an t-éileamh. Nuair a tháinig méadú 300,000

eallach ar thréad déiríochta na hÉireann, áfach, thit an praghas 40%.

## **Beartas 2- An Comhbheartas Iascaireachta**

Is é an dara beartas an Comhbheartas Iascaireachta. Bainistíonn sé seo iascaigh agus uisceshaothrú. Tugadh isteach é seo chun ró-iascaireacht agus truailliú mara a chosc. Tá truailliú na mara ina chúis le díothú roinnt de na speicis a bhíodh inár bhfarráige agus inár n-uiscebhealaí.

Tá grinneall na farráige 710,000km<sup>2</sup> ag Éirinn. Is é seo an ceann is mó san AE agus is ionann é agus beagnach 1000% méid na tíre. Tá ceart ceannasach ag Éirinn ar uiscí an Atlantaigh.

Tá 6.4 billiún Euro leithdháilte ag an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh (CEMI) don tréimhse 2014-2020. Gheobhaidh Éire €147.6 milliún as an méid seo.

Cuireann CEMI ar chumas earnáil bia na hÉireann forbairt. Déanann an earnáil seo easpórtálacha ar luach €540 milliún anois, agus easpórtáiltear earraí chuig 80 margadh éagsúla.

Meastar go dtiocfaidh ardú 42 mhilliún tona ar éileamh domhanda bia mara sa 10 mbliana amach romhainn. Ciallaíonn sé seo go n-ardóidh díolacháin éisc na hÉireann go €1 bhilliún. Cuirfidh sé seo brú millteanach ar stoc éisc atá ag ídiú cheana féin.

Bhí sé mar aidhm ag fómhar bia 2020, arna mhaoiniú go páirteach ag CEMI, 10,000 post díreach eile a chur leis an 20,000 post atá ann cheana. Soláthraíonn na poist seo €3.3 billiún don gheilleagar náisiúnta.

Tá 20,000 duine fostaithe go díreach in earnáil mhuirí na hÉireann, le 13,000 duine ag oibriú in earnálacha a chabhraíonn le hiascaigh agus le huisceshaothrú.